



# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope



2 Bealtaine 2018

## AN INBHUANAITHEACTH, COSAINT AN CHOMHSHAOIL AGUS AN TROID I gCOINNE AN ATHRAITHE AERÁIDE



### CÉN FÁTH A bhFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Is ceannródaí domhanda an tAontas Eorpach a fhad a bhaineann sé leis an inbhuanaitheacht agus an aeráid. Tá sé léirithe ag an Aontas go bhfuil sé tiomanta Comhaontú Pháras agus an troid i gcoinne an athraithe aeráide a chur i bhfeidhm trí chaiteachas ar an mbeartas aeráide a chuimsiú i gcláir uile an Aontais Eorpaigh.

Tá an gníomhú ar son na haeráide cuimsithe ag an gCoimisiún sna mórchláir chaiteachais uile atá ag an Aontas, go háirithe an beartas comhtháthaithe, forbairt réigiúnach, fuinneamh, iompar, taighde agus nuálaíocht, an Comhbheartas Talmhaíochta agus beartas forbartha an Aontais, rud a fhágann gur uirlis thábhachtach buiséad an Aontais Eorpaigh i gcur chun cinn na hinbhuanaitheachta.

Ag deireadh na bliana, glacfaidh an Coimisiún Páipéar Machnaimh dar teideal “Treochlár maidir le hEoraip Inbhuanaithe faoi 2030, obair a leanann as Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide”, chun aghaidh a thabhairt ar chaíonna a bhféadfaí Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chomhtháthú i bpríseas ceaptha beartas an Aontais Eorpaigh.



### CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

D’fhonn Comhaontú Pháras agus an tiomantas do Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chur i bhfeidhm, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leibhéal níos uailmhéine maidir leis an aeráid a chuimsiú i gcláir uile an Aontais, agus leagfar síos an sprioc go mbeidh 25 % ar a laghad de chaiteachas an Aontais ag cur le cuspóir a bhaineann leis an aeráid.

20% CUR LE FEASACHT AN  
PHOBAIL AR AN AERÁID

2014-2020



25% CUR LE FEASACHT AN  
PHOBAIL AR AN AERÁID

2021-2027





## GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

Leis an g**Comhbheartas Talmhaíochta nuachóirithe** cuirfear béim níos mó ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Tacóidh sé leis an athrú go slite níos inbhuanaithe chun bia sábháilte ardcháilíochta a chur ar fáil do na 500 milliún tomhaltóir san Aontas. Beidh cuspóirí comhshaoil sa Chomhbheartas Talmhaíochta athchóirithe agus déanfar na cuspóirí sin a neartú le rialacha níos fearr. Na feirmeoirí go léir a fhaigheann íocaíochtaí faoin scéim íocaíochta aonair limistéir, beidh orthu cloí le ceanglais éagsúla a bhaineann leis an athrú aeráide, le huisce, le hithir, leis an mbithéagsúlacht agus le tírdhreach. Ag an am céanna, fágfaidh an Comhbheartas Talmhaíochta nua go mbeidh a lán deiseanna ag na Ballstáit maidir lena chur i bhfeidhm ar shlí níos simplí do na feirmeoirí.



## CAÍONNA EILE A nDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Is é clár **LIFE** an Clár don Chomhshaol agus do Ghníomhú ar son na hAeráide. Is é is cuspóir don chlár sin slite nuálacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, mar shampla an t-athrú go fuinneamh glan. Beidh **€5.4 billiún** ar fáil do chlár LIFE sa i mbuiséad nua an Aontais.
- Tá buiséad **€273 bhilliún** ar fáil don **Bheartas Comhtháthaithe**. Tacóidh an beartas sin leis an bhforbairt inbhuanaithe trí infheistíocht a dhéanamh san oiriúnú don athrú aeráide agus sa chosc ar rioscaí agus i mbearta agus bonneagar cosanta comhshaoil. Tá an fhorbairt inbhuanaithe cumhdaithe sna rialacháin lena mbunaítear na cistí agus ní mór í a chur chun cinn i ngach céim den phróiseas ullmhúcháin agus cur i bhfeidhm.
- Tá buiséad **€97.6 billiún** ar fáil don chlár **Fís Eorpach**, clár taighde agus nuálaíochta a chuirfidh an fás eacnamaíoch agus an fhostaíocht chun cinn. Is é is aidhm don chlár sin tacaíocht a chur ar fáil do bheartais an Aontais, e.g. an t-athrú go geilleagar ísealcharbóin, cosaint an chomhshaoil agus bearta aeráide.
- Is é **InvestEU** ionstraim nua infheistíochta an Aontais Eorpaigh. Leis an ionstraim sin, tugtar ráthaíocht de chuid an Aontais le go bhféadfar maoiniú poiblí agus príobháideach a spreagadh le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha a thacóidh le beartais an Aontais. Mar chuid di, déanfar deimhniú inbhuanaitheachta ar infheistíochtaí agus cabhróidh sí an sreabhadh caipitil a threorú chuig an infheistíocht inbhuanaithe.



## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

